Ionsaí aigéid

Coincheap—Báisteach aigéadach



NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Tíreolaíochta agus Eolaíochta

Turgnamh

Beidh gá agat le:

- Clúdach dhá phróca suibhe
- Olann chadáis
- Síolta pónairí nó cruithneachta
- Sú líomóide

1. Leag 5 shíol ar bhrat tais olla cadáis i ngach clúdach.
2. Cuir lipéid 'báisteach aigéadach' ar cheann amháin.
3. Uiscigh an olann chadáis sa dá chlúdach chun na síolta a chosc ar thriomú.
4. Gach lá fáisc cúpla braon de shú líomóide ar shíolta an chlúdaigh 'báisteach aigéadach'.
5. Breathnaigh ar na síolta ar feadh cúpla lá.

Is aigéad lag é an sú líomóide, agus seasann sé anseo do bháisteach aigéadach. Tarlaíonn báisteach aigéadach nuair a scaoiltear méideanna móra gáis, m.sh. dé-ocsaíd ruibhe agus dé-ocsaíd nítrigine san aer. Gineann stáisiúin chumhachta, monarchana agus sceithphíopaí gluaisteán na gáis sin. Déantar leacht de na gáis sin i ngal-uisce san aer agus titeann siad go talamh mar bháisteach aigéadach. Scriosann báisteach aigéadach foraoisí, truaillíonn sí locha agus creimeann sí foirgnimh agus dealbha.

Tuilleadh Oibre:
Chun a fheiceáil conas mar a théann aigéad i bhfeidhm ar fhoirgnimh triail an turgnamh simplí seo: faigh píosa beag stroighne ar chosán nó ag bun balla bríce; cuir an píosa stroighne i ngloine agus doirt fínéagar in airde air; fág an píosa stroighne ar maos san fhínéagar ar feadh cúpla lá agus féach cad a tharlaíonn.